Global Village
Global Citizenship in Primary Schools

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha
Department of Foreign Affairs

into
Irish National Teachers' Organisation
Cumann Múinteoirí Éireann

ippn
Leading & Learning

Trócaire
TOGETHER FOR A JUST WORLD

DCU
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
Dublin City University

# Múinteoirí agus an tOideachas Saoránachta Domhanda: Luachanna, Meonta agus Cleachtais

## Tuarascáil Taighde maidir le Suirbhé Náisiúnta ar Mhúinteoirí Bunscoile na hÉireann agus an Oideachas Saoránachta Domhanda

Bealtaine 2023



# Tuarascáil taighde 1 i gcomhair chomhpháirtithe chuibhreannas Bhaile na Comhchruinne agus Cúnamh Éireann

Scríofa ag:
an Dr Maria Barry, an Dr Benjamin Mallon, an Dr Ashling Bourke agus an Dr Joe Usher, Anna Daly Uasal, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

# Clár na nÁbhar

Réamhrá 04

1. Dearadh an taighde agus an mhodheolaíocht 06

2. Cad atá ar eolas againn faoi na daoine a d’fhreagair an suirbhé? 08

   2.1 Próifíl na bhFreagróirí 08

   2.2 Forbairt ghairmiúil i réimse OSD 10

   2.3 Gníomhaireachtaí seachtracha 10

   2.4 An méid ama a chaitear ag múineadh OSD 11

3. Conas a mheasann múinteoirí atá a gcuid eolais, muiníne agus scileanna OSD? 15

4. Cén tuiscint atá ag múinteoirí ar OSD? 18

5. Cad iad na tosca a théann i bhfeidhm ar mhúineadh OSD sa seomra ranga? 22

6. Conclúidí agus moltaí 25

Tagairtí 28

Aguisín A – táblaí breise 30

# Tábla na bhFíoracha


| | |
|---|---|
| Fíor 1: Freagrachtaí breise | 08 |
| Fíor 2: Blianta taithí múinteoireachta | 09 |
| Fíor 3: Forbairt ghairmiúil maidir le OSD | 10 |
| Fíor 4: An méid ama a chaitear ag múineadh OSD in aghaidh na seachtaine | 12 |
| Fíor 5: Comparáid idir rátálacha an mhúinteora i leith tábhachta agus muiníne | 17 |
| Fíor 6: Comparáid idir cuimsiú agus eisiamh na gcód 'Cearta' agus 'Freagracht' i bhfreagraí múinteoirí | 19 |
| Fíor 7: Comparáid idir cuimsiú agus eisiamh na gcód 'Áitiúil' agus 'Domhanda' sna freagraí a thug múinteoirí | 20 |
| Fíor 8: Comparáid idir cuimsiú na trí ghné a shonraíonn UNESCO i dtaobh OSD (minicíocht) | 21 |
| Fíor 9: Cuimsiú tosca éagsúla a shainaithin múinteoirí (minicíocht) | 22 |
| Fíor 10: Cuimsiú tosca éagsúla a shainaithin múinteoirí mar chinn a chuireann bac ar chuimsiú OSD sa seomra ranga (minicíocht) | 23 |
| Fíor 11: Cuimsiú tosca éagsúla a shainaithin príomhoidí mar chinn a thacaíonn le cuimsiú OSD i scoileanna (minicíocht) | 24 |

# Tábla na dTáblaí

| | |
|---|---|
| Tábla 1: Gníomhaireachtaí seachtracha 'eile' a mbaineann múinteoirí leas astu | 10 |
| Tábla 2: Torthaí ón anailís chúlchéimnithe il-línigh i leith an ama a chaitear ag múineadh OSD, an chatagóir 'eile' san áireamh | 13 |
| Tábla 3: Torthaí ón anailís chúlchéimnithe il-línigh ar an méid ama a chaitear ag múineadh OSD, gan an chatagóir 'eile' san áireamh | 14 |
| Tábla 4: Líon iomlán na bhfreagraí in aghaidh na rátála i leith 'eolas' | 15 |
| Tábla 5: Líon iomlán na bhfreagraí in aghaidh na rátála i leith 'tábhacht bhraite' | 16 |
| Tábla 6: Líon iomlán na bhfreagraí in aghaidh na rátála i leith 'muinín' | 16 |
| Tábla 7: Líon iomlán na bhfreagraí in aghaidh na rátála i leith 'scileanna teagaisc' | 16 |
| Tábla 8: Minicíocht ó thaobh chuimsiú agus eisiamh na gcód cáilíochtúil a aithníodh i bhfreagraí na múinteoirí maidir le tuiscintí ar OSD | 18 |

# Réamhrá

**Sa tuarascáil seo, tugtar forléargas ar staidéar modhanna measctha ar na riachtanais, luachanna, meonta agus cleachtais atá ag príomhoidí agus múinteoirí bunscoile in Éirinn maidir leis an Oideachas Saoránachta Domhanda (OSD), mar aon le torthaí ón staidéar agus impleachtaí na dtorthaí sin. Ceapadh an staidéar mar chuid den chlár píolótach 'Baile na Comhchruinne' agus rinneadh é idir Eanáir 2022 agus Aibreán 2023. Féachtar leis an staidéar le tacú le cur chuige bunaithe ar thaighde i leith na hoibre a dhéanann Baile na Comhchruinne agus lena chinntiú go mbeidh riachtanais agus eispéiris múinteoirí lárnach i bhforbairt cláir náisiúnta straitéisigh maidir le OSD i mbunscoileanna na hÉireann.**

Próiseas oideachais is ea OSD lena bhféachtar le tuiscint a chothú ar an éagóir sa cheantar áitiúil agus ar domhan agus le gníomh cuí ar leibhéal na scoile a spreagadh chun domhan níos cothroime agus níos inbhuanaithe a bhaint amach (Cúnamh Éireann, 2021). Tá OSD ag teacht chun cinn mar scáth-théarma chun cur síos a dhéanamh ar roinnt cineálacha oideachais agus cláir oibre shochaíocha níos leithne, lena n-áirítear oideachas faoin tsíocháin, oideachas faoi chearta an duine, oideachas saoránachta, oideachas forbartha, oideachas comhshaoil, oideachas idirchultúrtha agus oideachas le haghaidh forbairt inbhuanaithe (Bamber, 2020; Goren &Yemini, 2017; Mannion et al., 2011). Táthar ag díriú níos mó ar OSD i mbeartais idirnáisiúnta, Eorpacha agus náisiúnta mar bhealach chun freagairt do threochtaí casta domhanda agus do dhúshláin cosúil leis an athrú aeráide, imirce agus ilchineálacht chultúrtha (Bourn, 2020; Estellés & Fischman, 2020; Goren & Yemini, 2017; Mochizuki & Bryan, 2015). Mar shampla, i Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, aithnítear an tOideachas Saoránachta Domhanda (OSD) mar cheann de roinnt cineálacha cur chuige oideachais ar féidir leo tacú le cur chun cinn Sprioc 4.7, agus le hoideachas cuimsitheach, cothrom, ardcháilíochta a fhorbairt chun cuidiú domhan níos córa agus níos inbhuanaithe a bhaint amach (Na Náisiúin Aontaithe, 2015). In Éirinn, tá OSD tagtha chun cinn le tamall maith de bhlianta anuas faoi lipéid éagsúla agus tacaítear leis faoi láthair trí dhá phríomhbheartas, Straitéis Chúnamh Éireann maidir leis an Oideachas Saoránachta Domhanda 2021-2025 (Cúnamh Éireann, 2021) agus dara straitéis náisiúnta na hÉireann ar Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe go 2030 (Rialtas na hÉireann, 2022).

Léirítear sa taighde an tábhacht a bhaineann le OSD sna scoileanna sa chomhthéacs Eorpach, agus dírítear aird ann ar na láidreachtaí a bhaineann le OSD i gcomhthéacs na hÉireann i gcomparáid le cineálacha cur chuige eile (Tarrozi & Inguaggiato, 2019). Sa bhunoideachas in Éirinn, tugtar aitheantas d'acmhainneacht Churaclam Bunscoile na hÉireann (CNCM, 1999) chun tacú le cleachtas OSD (CNCM, 2018; Waldron, 2004) agus do na deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann chun OSD a chuimsiú sa seomra ranga (Ruane et al., 2010; Mallon 2019). Sa chomhthéacs sin, tá dul chun cinn nach beag déanta i ndáil le OSD i gcóras foirmiúil oideachais na hÉireann (GENE, 2015;

McBreen, 2020), taobh le cineálacha cur chuige oideachais ar nós oideachas don fhorbairt inbhuanaithe (a dtugann an Roinn Oideachais agus Scileanna tús áite dó), oideachas faoin tsíocháin, oideachas ilchultúrtha agus oideachas idirchultúrtha, oideachas faoi chearta an duine, agus, le déanaí, oideachas frithchiníochais, a mbíonn téamaí i gcoiteann acu go minic (Bourn, 2015; Fiedler, 2008; CNCM, 2018).

Téann comhthéacsanna sóisialta agus oideachais níos leithne i bhfeidhm ar OSD sna scoileanna (Palmer, 2022; Waldron et al., 2020; Yemini et al., 2019). Ina theannta sin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go n-aithnítear go bhfuil na cineálacha cur chuige agus cleachtais OSD dinimiciúil, éagsúil agus gur minic iad a bheith ina gcúis chonspóide (Tarozzi, 2022; Waldron et al., 2020; Yemini et al., 2019). Léirítear sa taighde go mbíonn tacaíocht leanúnach ó shaineolaithe agus ó chomhghleacaithe ag teastáil fiú ó mhúinteoirí a bhfuil an-taithí acu ina ról ionas gur féidir leo aghaidh a thabhairt ar dhúshláin OSD agus ar na hathruithe atá tagtha ar an ábhar, agus chun na scileanna teagaisc atá de dhíth ina leith a fhoghlaim (Poursalim et al., 2020; Yemini et al. 2019; Tarozzi & Mallon, 2019). In Éirinn, tá deiseanna móra le tapú chun OSD a fhorbairt i réimsí ar leith, mar shampla trí Aistear, Creatchuraclam na Luath-Óige (Dillon & O'Shea, 2009; Dillon, Ruane & Kavanagh, 2010) agus trí chreat nua curaclaim na bunscoile (CNCM, 2023; CNCM, 2018). Aithnítear freisin an tábhacht a bhaineann le cineálacha cur chuige scoile uile (Waldron, Ruane & Oberman, 2014). Tugtar faoi deara freisin, áfach, go mbíonn bacainní ann maidir le OSD a chomhtháthú i suíomhanna casta oideachais (GENE, 2015; Waldron et al., 2020). Cé go bhfuil taighde cáilíochtúil nach beag déanta chun cur leis an tuiscint atá againn ar an gcleachtas sa seomra ranga ar an leibhéal idirnáisiúnta (e.g. Bourn, 2015) agus i gcomhthéacs na hÉireann (e.g. Barry, lámhscríbhinn neamhfhoilsithe, 2020; Bryan & Bracken, 2011; Mallon, 2018), is beag iniúchadh cainníochtúil atá déanta ar luachanna, cleachtais agus riachtanais múinteoirí bunscoile i gcomhthéacsanna náisiúnta nó idirnáisiúnta. I gcomhthéacs na hÉireann, rinneadh suirbhéanna náisiúnta ar mhúinteoirí, mar shampla iad siúd a bhíonn ag plé le cleachtas an Oideachais Tíreolaíochta (Usher, 2021) agus an Oideachais faoi Chearta an Duine (Waldron et al., 2011), ach ní raibh aon cheann acu dírithe go sonrach ar OSD.

Féachtar sa tuarascáil seo le scrúdú a dhéanamh ar an tuiscint atá ag príomhoidí agus múinteoirí bunscoile na hÉireann ar an Oideachas Saoránachta Domhanda agus ar a leibhéil eolais, muiníne agus scileanna teagaisc, agus le tosca a aithint a mbíonn tionchar acu ar theagasc agus foghlaim OSD i mbunscoileanna. Leagfar amach sa chuid seo a leanas dearadh agus modheolaíocht an taighde don staidéar, agus ansin cuirfear i láthair na príomhthorthaí. Ag deireadh na tuarascála, déantar breithniú ar roinnt de na himpleachtaí is mó atá ag atá ag an léargas sin i leith chlár Bhaile na Comhchruinne.

# 1 Dearadh an taighde agus an mhodheolaíocht

**Féachtar sa staidéar trasghearrthach seo ar eolas agus meonta atá ag múinteoirí agus príomhoidí bunscoile maidir leis an Oideachas Saoránachta Domhanda (OSD).**

Earcaíodh múinteoirí bunscoile ó ar fud Phoblacht na hÉireann trí líonraí comhpháirtíochta Bhaile na Comhchruinne, na meáin shóisialta agus dhá bhabhta teachtaireachtaí ríomhphoist a seoladh chuig 2,856 scoil a mhúineann trí Bhéarla agus chuig 253 scoil lán-Ghaeilge. Fuarthas seoltaí ríomhphoist na scoileanna i measc faisnéis a bhí ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais (ROS, 2021). Rinneadh an staidéar trí mheán suirbhé (Aguisín A) a scaipeadh den chéad uair ar an 5 Bealtaine, 2022. Ráta íseal freagartha a bhí ann ar dtús agus scaipeadh den dara huair é i mí Mheán Fómhair 2022. Bhí na rannpháirtithe go léir, tráth an staidéir, ag múineadh nó ag obair mar phríomhoide nó mar leas-phríomhoide. Bailíodh eolas déimeagrafach maidir le haois, inscne, taithí theagaisc, cáilíocht, freagracht ó thaobh teagaisc de, ranganna a mhúintear, próifíl na scoile agus teanga an teagaisc.

Baineadh leas as modhanna measctha sa staidéar seo agus rinneadh anailís cháilíochtúil agus anailís chainníochtúil araon. Ba iad anailísí tuairisciúla agus anailísí comparáideacha na príomhchineálacha anailíse a rinneadh sa staidéar seo. Rinneadh anailís chúlchéimnithe il-línigh freisin lena fháil amach cé na tosca, más tosca ar bith, a théann i bhfeidhm ar an méid ama a chaith múinteoir ag múineadh OSD in aghaidh na seachtaine. Rinneadh anailís cháilíochtúil ar na freagraí a thug na rannpháirtithe ina bhfocal féin ar cheisteanna oscailte. Rinneadh é sin trí leas a bhaint as modh códaithe a dhear na húdair M. Barry agus B. Mallon. Mar shampla, chun anailís a dhéanamh ar thuiscint na múinteoirí ar OSD, rinne ceathrar códóirí, agus iad ag obair astu féin, códú ar na freagraí oscailte a thug an chéad 20 rannpháirtí, cuireadh na cóid i gcomparáid le chéile, agus cuireadh suntas sna cosúlachtaí agus na difríochtaí eatarthu. Roghnaíodh deich gcód deiridh bunaithe ar thorthaí na comparáide agus áiríodh leo: 'Múinteoir mar éascaitheoir', 'Ilchineálacht', 'Claochlaitheach', 'Freagracht', 'Cearta', 'Inbhuanaitheacht', 'Áitiúil', 'Domhanda', 'Ilchultúrtha', agus 'Bunaithe ar fhadhbanna'. Anuas ar na cóid sin a roghnaíodh, roghnaíodh trí chód eile bunaithe ar phríomhghnéithe OSD de chuid UNESCO (2015): an ghné chognaíoch, an ghné shochmhothúchánach agus an ghné iompraíochta.

Ghlac 443 rannpháirtí san iomlán páirt sa staidéar (423 freagra i mBéarla, 20 freagra i nGaeilge), agus clúdaíodh an raon iomlán aoiseanna oibre i measc na rannpháirtithe. Bhí sonraí in easnamh i gcás roinnt rannpháirtithe, agus i gcás 155 duine níor líon siad isteach dóthain den suirbhé le go gcuirfí san áireamh sna hanailísí iad. Má bhí dóthain den suirbhé líonta isteach ag na rannpháirtithe (i.e., d'fhreagair siad cuid amháin ar a laghad de na rannáin féinrátála), cuireadh iad san áireamh sna hanailísí tuairisciúla agus comparáideacha go léir a raibh a gcuid sonraí i láthair ina leith, fiú i gcásanna inar fágadh roinnt ceisteanna gan freagra.

## Is iad na ceisteanna taighde don staidéar seo:

1. Cén tuiscint atá ag múinteoirí bunscoile ar OSD?

2. Cén t-eolas agus cé na meonta atá ag múinteoirí bunscoile i leith OSD?

3. Cén mhuinín atá ag múinteoirí bunscoile astu féin i ndáil le OSD agus cé na scileanna atá acu i ndáil leis?

4. Dar le múinteoirí agus ceannairí scoile araon, cad a théann i bhfeidhm ar chuimsiú OSD i scoileanna?

# 2 Cad atá ar eolas againn faoi na daoine a d'fhreagair an suirbhé?


Tugtar tuairisc sa chuid seo ar fhreagróirí an tsuirbhé, bunaithe ar fhaisnéis dhéimeagrafach a bailíodh. Léirítear inti na cineálacha scoileanna ina bhfuil na freagróirí ag múineadh, méid a dtaithí ar an teagasc agus a mhéid a bhfuil róil freagrachta breise acu sa scoil.

Ina dhiaidh sin, leagtar amach sa chuid seo tátail ón staidéar maidir le raon réimsí a bhaineann le OSD lena n-áirítear taithí na múinteoirí ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) a bhaineann le OSD, an méid ama a chaitear ag múineadh OSD in aghaidh na seachtaine agus leibhéal eolais, muinín agus scileanna teagaisc na múinteoirí, dar leo féin.

## 2.1 Próifíl na bhFreagróirí

**I measc na 288 rannpháirtí bhí múinteoirí, leas-phríomhoidí, agus príomhoidí (féach Fíor 1), agus i gcás 55.21 faoin gcéad de na príomhoidí agus na leas-phríomhoidí ba mhúinteoirí ranga iad freisin.**


Fíor 1: Freagrachtaí breise



I scoileanna uirbeacha (71.88%) agus i scoileanna tuaithe (28.13%) araon a bhí na rannpháirtithe ag obair agus bhí taithí ag a bhformhór ar theagasc ceithre rang bunscoile ar a laghad (80.84 %). Thuairiscigh beagnach 30 faoin gcéad acu go raibh taithí acu ag múineadh na ranganna bunscoile go léir.

As na 288 rannpháirtí, ba mhná iad 81.6% agus b'fhir iad 18.6%. De réir gov.ie, tá sé sin ag teacht a bheag nó a mhór le miondealú inscne na múinteoirí bunscoile in Éirinn (múinteoirí mná = 84.54%, múinteoirí fir = 15.46%), agus bhí ráta freagartha beagán níos airde i measc na bhfear ar ár suirbhé. Áiríonn na figiúirí sin i dtaobh inscne na múinteoirí agus na príomhoidí araon. As na príomhoidí agus na leas-phríomhoidí a d'fhreagair an suirbhé, ba mhná iad 70.83% acu agus fir 29.17%. Sin céatadán ban beagán níos airde ná an coibhneas náisiúnta, inar mná iad 67.03% de na príomhoidí agus fir iad 32.97%. Bhí os cionn 10 mbliana taithí mhúinteoireachta ag an gcuid is mó dár bhfreagróirí (Fíor 2) agus bhí siad ag obair i scoileanna ingearacha buachaillí agus cailíní ina raibh breis is dáréag múinteoirí fostaithe. Bhí a bhformhór (71.88%) ag obair i gceantair uirbeacha agus i scoileanna gan stádas DEIS (60.07%). Ba mhúinteoirí ó Ghaelscoileanna iad 8.1% de na freagróirí, rud atá, de réir an Irish Times, ag teacht le líon na nGaelscoileanna sa tír in 2019.


**Fíor 2: Blianta taithí múinteoireachta**



## 2.2 Forbairt ghairmiúil i dtaobh OSD

**I gcás fhormhór na bhfreagróirí, níor fhreastail siad riamh ar chúrsa forbartha gairmiúla in OSD (Fíor 3).** Dealraíonn sé nach bhfuil tionchar ag aois ná líon na mblianta taithí ar an toisc sin, ós rud é go bhfuil an-chosúlacht idir miondealú aoisghrúpa agus miondealú taithí na rannpháirtithe nár fhreastail ar chúrsa forbartha gairmiúla OSD riamh agus líon iomlán na rannpháirtithe ina gcatagóir choibhéiseach. Ní raibh níos mó ná 5 faoin gcéad de dhifríocht idir aoisghrúpa ar bith agus an líon iomlán. .

**Fíor 3: Forbairt Ghairmiúil in OSD**




## 2.3 Gníomhaireachtaí seachtracha

**Chreid formhór mór na múinteoirí go raibh fiúntas ag baint le gníomhaireachtaí seachtracha ó thaobh múineadh OSD.** Tugadh freagraí thar a bheith éagsúil nuair a iarradh ar na múinteoirí liosta a thabhairt de na gníomhaireachtaí seachtracha a raibh plé acu leo, ach ba iad na heagraíochtaí neamhrialtasacha an cineál gníomhaireachta ba mhinice a luadh. Léirítear i bhFíor 4 liosta na bhfreagraí a thug na freagróirí sin a roghnaigh 'eile' mar fhreagra, an freagra ba choitianta ar an gceist sin sna sála ar 'eagraíochtaí neamhrialtasacha'.

**Tábla 1: Gníomhaireachtaí seachtracha 'eile' a mbaineann múinteoirí leas astu**


| | Líon | % |
|---|---|---|
| Ceann ar bith | 18 | 0.391304 |
| Scoileanna Glasa | 8 | 0.173913 |
| Níl a fhios agam | 5 | 0.108696 |
| Coláiste Breisoideachais | 1 | 0.021739 |
| Tuismitheoirí | 1 | 0.021739 |

| | Líon | % |
|---|---|---|
| SEAI | 1 | 0.021739 |
| Ceannairí eaglaise agus ceannairí reiligiúnacha | 1 | 0.021739 |
| Cúnamh Éireann | 1 | 0.021739 |
| Gnóthachtáil Shóisearach, Trócaire etc. | 1 | 0.021739 |
| Comhpháirtíochtaí carthanúla áitiúla | 1 | 0.021739 |
| An siopa áitiúil | 1 | 0.021739 |
| Scoileanna Saoránachta Domhanda | 1 | 0.021739 |
| Gnó príobháideach áitiúil | 1 | 0.021739 |
| Tionscadail Erasmus+ | 1 | 0.021739 |
| Scoileanna Glasa, Comhairle Chontae na Gaillimhe | 1 | 0.021739 |
| DICE | 1 | 0.021739 |
| Éigse Éireann | 1 | 0.021739 |
| Seno | 1 | 0.021739 |

## 2.4 An méid ama a chaitear ag múineadh OSD

**Níor thuairiscigh ach mionlach de na freagróirí go gcaitheann siad níos mó ná uair an chloig sa tseachtain ag múineadh OSD: thuairiscigh 12.21 faoin gcéad acu gur chaith siad idir uair an chloig amháin agus dhá uair an chloig ag múineadh OSD, thuairiscigh 4.07 faoin gcéad gur chaith siad idir dhá uair an chloig agus trí huair an chloig, agus thuairiscigh 4.65 faoin gcéad gur chaith siad níos mó ná trí uair an chloig.** Chaith formhór na múinteoirí suas le huair an chloig ag múineadh OSD gach seachtain agus dúirt 8.72 faoin gcéad acu nár chaith siad am ar bith á mhúineadh (féach Fíor 5). Mar sin féin, bhí go leor múinteoirí ann nár mheas gur ábhar scoile ann féin é OSD ar cheart am teagaisc ar leith a shannadh dó, agus thuairiscigh siad go bhféadfadh tréimhsí ama éagsúla a bheith i gceist ó sheachtain go seachtain nó nach raibh aon am leithdháilte go sonrach do OSD mar go raibh sé cuimsithe sa teagasc a dhéantar ar gach ábhar eile nó ar go leor de na hábhair eile. Thug 28 faoin gcéad de na freagróirí freagra gan a lua go raibh am teagaisc ar leith leagtha amach i gcomhair OSD. Astu sin, mhaígh 18.75 faoin gcéad de na freagróirí go raibh OSD cuimsithe i dteagasc a gcuid ábhair eile (e.g., "Very much done in a cross curricular thematic way. Linked with SESE and SPHE and literacy." nó "Not timetabled but integrated in SPHE and RSE.") agus lua 41.67 faoin gcéad acu go mbraitheann an freagra ar chúinsí eile (e.g., "Woven throughout the week. Not [sic] explicit time." nó "Couldn't specify."). Thuairiscigh roinnt múinteoirí go raibh sé á mhúineadh go teagmhasach agus luaigh duine nó beirt go raibh an méid ama a chaitear leis ag brath ar an topaic nó an téama a bhí faoi chaibidil acu. Seachas sin, níor tugadh ach míniú fánach ar cad ba chúis le níos mó ama a chaitheamh ag múineadh OSD in aon seachtain ar leith.

**Fíor 4: An méid ama a chaitear ag múineadh OSD in aghaidh na seachtaine**




Chun féachaint ar na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith le níos mó ama a chaitheamh ag múineadh OSD in aghaidh na seachtaine, rinneamar anailís chúlchéimnithe il-línigh lena dtomhaistear an gaol idir roinnt athróga difriúla. Is féidir le hanailís den sórt sin a léiriú dúinn an féidir le tosca áirithe dul i bhfeidhm ar an méid ama a chaitheann múinteoir ag múineadh OSD in aghaidh na seachtaine. Fuaireamar amach go raibh dea-thionchar mór ag taithí múinteora agus a scileanna teagaisc féintuairiscithe ar an méid ama a chaith an múinteoir sin ag múineadh OSD (Tábla 1). I bhfocail eile, dá mhéad taithí mhúinteoireachta a bhí ag múinteoir agus dá fheabhas a mheas sé nó sí a bhí a scileanna teagaisc i dtaca le OSD, is amhlaidh is mó ama ar dhócha dóibh a chaitheamh ag múineadh OSD in aghaidh na seachtaine.

**Tábla 2: Torthaí ón anailís chúlchéimnithe il-línigh i leith an ama a chaitear ag múineadh OSD, an chatagóir 'eile' san áireamh**

| Saintréith | B | SE | t | p-luach |
|---|---|---|---|---|
| Méid ama a chaitear ag múineadh | 1.3 | 1.02 | 1.27 | .205 |
| **Athróga rialaithe** | | | | |
| Cáilíocht teagaisc | -0.03 | 0.21 | -0.16 | .87 |
| Cáilíocht teagaisc [eile] | 0.25 | 0.55 | 0.45 | .654 |
| Taithí mhúinteoireachta | -0.25 | 0.09 | -2.85 | **.005*** |
| Inscne na scoile | -0.24 | 0.20 | -1.19 | .235 |
| Stádas DEIS na scoile | -0.32 | 0.19 | -1.65 | .102 |
| Eolas ar thopaicí OSD | 0.3 | 0.18 | 1.61 | .109 |
| An tábhacht a mheastar atá le topaicí OSD | 0.28 | 0.15 | 1.89 | .061 |
| Muinín i leith ábhair OSD | -0.31 | 0.2 | -1.60 | .112 |
| Scileanna teagaisc i dtopaicí OSD | 0.63 | 0.20 | 3.10 | **.002*** |

Áiríodh sa chatagóir 'eile' laistigh den athróg 'méid ama a chaitear ag múineadh' freagraí ó na rannpháirtithe inar luadh tréimhsí éagsúla a bheith i gceist nó éiginnteacht maidir le fad ama toisc go raibh teagasc OSD san áireamh in ábhair eile. Toisc gur mhaígh formhór na bhfreagróirí go raibh OSD á mhúineadh acu, ach ar bhealach éagsúil nó bealach neamhshonraithe, measadh san anailís chúlchéimnithe il-línigh go raibh an freagra 'eile' sin sa réimse idir gan am ar bith a chaitheamh ag múineadh OSD agus uair an chloig a chaitheamh á mhúineadh. Mar gheall ar éagsúlacht na bhfreagraí a tugadh sa chatagóir 'eile', áfach, rinneadh an anailís chúlchéimnithe il-línigh den dara huair freisin gan an chatagóir sin san áireamh. Sa dara hanailís sin, bhí scileanna teagaisc fós i gcomhréir dhearfach leis an méid ama a chaith an múinteoir ag múineadh OSD in aghaidh na seachtaine, ach ní raibh an nasc le taithí an mhúinteora suntasach a thuilleadh (Tábla 2).

**Tábla 3: Torthaí ón anailís chúlchéimnithe il-línigh ar an méid ama a chaitear ag múineadh OSD, gan an chatagóir 'eile' san áireamh**

| Saintréith | B | SE | t | p-luach |
|---|---|---|---|---|
| Méid ama a chaitear ag múineadh | 1.42 | 1.02 | 1.39 | .167 |
| **Athróga rialaithe** | | | | |
| Cáilíocht teagaisc | -0.03 | 0.22 | -0.13 | .892 |
| Cáilíocht teagaisc [eile] | 0.00 | 0.55 | 0.01 | .996 |
| Taithí mhúinteoireachta | -0.18 | 0.09 | -1.96 | .053 |
| Inscne na scoile | -0.25 | 0.20 | -1.25 | .213 |
| Stádas DEIS na scoile | -0.41 | 0.21 | -1.96 | .053 |
| Eolas ar thopaicí OSD | 0.27 | 0.21 | 1.26 | .210 |
| An tábhacht a mheastar atá le topaicí OSD | 0.17 | 0.15 | 1.10 | .272 |
| Muinín i leith ábhair OSD | -0.34 | 0.21 | -1.6 | .113 |
| Scileanna teagaisc i dtopaicí OSD | 0.62 | 0.21 | 2.93 | **.004*** |

# 3 Conas a mheasann múinteoirí atá a gcuid eolais, muiníne agus scileanna OSD?

**Ar scála 1-5, ó íseal go hard, d'iarramar ar fhreagróirí rátáil a dhéanamh ar a gcuid eolais, a leibhéal muiníne agus a scileanna teagaisc i réimsí a bhaineann le OSD agus ar an tábhacht atá leis an ábhar, dar leo.**

I gcás eolais agus tábhacht bhraite araon, iarradh ar mhúinteoirí rátálacha a thabhairt maidir le forbairt inbhuanaithe, stíleanna maireachtála inbhuanaithe, cearta an duine, comhionannas inscne, síocháin agus neamhfhoréigean, saoránacht dhomhanda, agus ilchineálacht chultúrtha. I gcás muiníne agus scileanna teagaisc araon, iarradh ar mhúinteoirí rátálacha a sholáthar sna réimsí 'Oideachas Saoránachta Domhanda a mhúineadh', 'tacú le do dhaltaí i dtaobh sochaithe cuimsitheacha agus inbhuanaithe a chur chun cinn go gníomhach', 'tacú le do dhaltaí dul i mbun gníomh aonair agus comhghníomh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda', 'forbairt a dhéanamh ar scileanna smaointeoireachta criticiúla do dhaltaí agus iad ag plé le topaicí OSD', 'scileanna fiosrúcháin a fhorbairt i measc daltaí ar thopaicí a bhaineann le OSD', 'tacú le freagraí comhbhácha ó dhaltaí ar cheisteanna domhanda', ' tacú le freagraí mothúchánacha ó dhaltaí ar cheisteanna domhanda', agus ' tacú le breithnithe ó dhaltaí maidir le hidirspleáchas agus dlúthpháirtíocht'.

Léirítear sna táblaí seo a leanas líon na bhfreagraí ó rannpháirtithe in aghaidh na rátála do gach topaic a bhaineann le OSD, agus an rátáil is airde i leith gach réimse aibhsithe i gcló trom. Tá an líon rannpháirtithe is airde d'aon rátáil fhoriomlán marcáilte le réiltíní dúbailte (**).

**Tábla 4: Líon iomlán na bhfreagraí in aghaidh na rátála i leith 'eolas'**

| Rátáil | Forbairt Inbhuanaithe | Slite Beatha Inbhuanaithe | Cearta an Duine | Comhionannas Inscne | Síocháin agus neamh-fhoréigean | Saoránacht Dhomhanda | Ilchineálacht Chultúrtha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **5** | 29 | 26 | 40 | 45 | 29 | 24 | 34 |
| **4** | 82 | 91 | **116** | **120** | 112 | **104** | **117** |
| **3** | **120** | ****121**** | 105 | 90 | **113** | **104** | 106 |
| **2** | 46 | 38 | 18 | 25 | 26 | 45 | 24 |
| **1** | 11 | 12 | 9 | 8 | 7 | 11 | 7 |

Tábla 5: Líon iomlán na bhfreagraí in aghaidh na rátála i leith 'tábhacht bhraite'

| Rátáil | Forbairt In-bhuanaithe | Slite Beatha Inbhuanaithe | Cearta an Duine | Comhionan-nas Inscne | Síocháin agus neamh-fhoréigean | Saoránacht Dhomhanda | Ilchineálacht Chultúrtha |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 5 | 180 | 186 | **214** | 212 | 208 | 201 | 207 |
| 4 | 77 | 65 | 54 | 45 | 53 | 61 | 57 |
| 3 | 22 | 29 | 11 | 24 | 20 | 18 | 15 |
| 2 | 3 | 4 | 6 | 3 | 3 | 3 | 5 |
| 1 | 4 | 1 | 1 | 2 | 2 | 2 | 2 |

Tábla 6: Líon iomlán na bhfreagraí in aghaidh na rátála i leith 'muinín'


| Rátáil | Múineadh OSD | Tacú le daltaí maidir le cur chun cinn gníomhach | Tacú le daltaí dul i mbun gnímh | Tacú le scileanna smaointe-oireachta criticiúla na ndaltaí | Tacú le scileanna fiosrúcháin na ndaltaí | Tacú le freagraí comh-bhácha na ndaltaí | Tacú le freagraí moth-úchánacha na ndaltaí | Tacú le machnamh na ndaltaí ar I&D |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 5 | 34 | 45 | 30 | 36 | 38 | 44 | 39 | 35 |
| 4 | 94 | 106 | 91 | 116 | 98 | **122** | 113 | 92 |
| 3 | 105 | 107 | 118 | 85 | 101 | 85 | 98 | 117 |
| 2 | 40 | 30 | 37 | 40 | 41 | 28 | 31 | 36 |
| 1 | 12 | 6 | 9 | 8 | 7 | 5 | 4 | 4 |

Tábla 7: Líon iomlán na bhfreagraí in aghaidh na rátála i leith 'scileanna teagaisc'

| Rátáil | Múineadh OSD | Tacú le daltaí maidir le cur chun cinn gníomhach | Tacú le daltaí dul i mbun gnímh | Tacú le scileanna smaointe-oireachta criticiúla na ndaltaí | Tacú le scileanna fiosrúcháin na ndaltaí | Tacú le freagraí comh-bhácha na ndaltaí | Tacú le freagraí moth-úchánacha na ndaltaí | Tacú le machnamh na ndaltaí ar I&D |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 5 | 22 | 16 | 14 | 23 | 20 | 32 | 29 | 27 |
| 4 | 87 | 104 | 93 | 96 | 100 | 97 | 94 | 83 |
| 3 | 108 | 106 | **113** | 103 | 107 | 100 | 106 | 112 |
| 2 | 47 | 44 | 42 | 44 | 39 | 34 | 37 | 43 |
| 1 | 12 | 5 | 12 | 8 | 9 | 11 | 8 | 10 |

Laistigh de gach ceann de na catagóirí sin, ní mór a bhí idir na meánrátálacha i leith gach réimse OSD, i.e., bhí na meánrátálacha maidir le heolas idir 3.25 agus 3.59 i ngach réimse, bhí na meánrátálacha go léir maidir le tábhacht bhraite idir 4.49 agus 4.66, bhí na meánrátálacha go léir maidir le muinín idir 3.34 agus 3.61, agus bhí na meánrátálacha go léir maidir le scileanna teagaisc idir 3.20 agus 3.38. Mar sin féin, bhí an mheánrátáil fhoriomlán maidir le tábhacht i bhfad ní b'airde ná an mheánrátáil fhoriomlán sna trí chatagóir eile (féach fíor 6). Tugann sé sin le fios nach easpa suime i measc na múinteoirí is cúis le haon fhadhbanna a bhaineann le OSD a mhúineadh. A mhalairt sin atá fíor: má bhreathnaímid ar na scóir maidir le heolas, muinín, agus scileanna teagaisc, is cosúil nach mothaíonn múinteoirí go bhfuil a gcumas an t-ábhar a mhúineadh ag teacht le tábhacht an ábhair.

**Fíor 5: Comparáid idir rátálacha an mhúinteora i leith tábhachta agus muiníne**



# 4 Cén tuiscint atá ag múinteoirí ar OSD?

Iarradh ar na rannpháirtithe cur síos a dhéanamh ar an Oideachas Saoránachta Domhanda ina bhfocail féin. Bhí sé sin ar cheann de na chéad cheisteanna a cuireadh sa suirbhé chun tuiscintí bunúsacha na múinteoirí ar an topaic a thomhas gan ábhar an tsuirbhé a bheith imithe i bhfeidhm orthu roimh ré.

Rinneadh códú cáilíochtúil ar an sainmhíniú a thug na múinteoirí ina bhfocail féin ar OSD (n = 246) agus rinneadh anailís ar na cóid sin bunaithe ar mhinicíocht. Taispeántar i dTábla 8 a mhinice a bhí gach cód cuimsithe sna freagraí.


**Tábla 8: Minicíocht ó thaobh chuimsiú agus eisiamh na gcód cáilíochtúil a aithníodh i bhfreagraí na múinteoirí maidir le tuiscintí ar OSD**

| n = 246 | Cuimsithe | Neamh-chuimsithe |
|---|---|---|
| Múinteoir mar Éascaitheoir | 60 | 186 |
| Ilchineálacht | 87 | 159 |
| Claochlaitheach | 75 | 171 |
| Freagracht | 61 | 185 |
| Cearta | 41 | 205 |
| Inbhuanaitheacht | 62 | 184 |
| Áitiúil | 68 | 178 |
| Domhanda | 184 | 62 |
| Ilchultúrtha | 97 | 149 |
| Saincheisteanna bunaithe ar fhadhbanna | 77 | 169 |

Léiríonn torthaí na hanailíse seo go bhfuil tuiscintí ilghnéitheacha, atá an-leathan, ag múinteoirí ar OSD. Tuigimid uaidh sin go bhfuil múinteoirí ag teacht go dtí OSD ó raon meonta agus eispéireas. Ba iad saincheisteanna 'domhanda' na cinn ba mhinice a luadh (74.8%) i sainmhínithe na rannpháirtithe ar OSD. Ar an lámh eile, ní raibh inbhuanaitheacht, agus coincheapa a bhaineann leis an inbhuanaitheacht, amhail an t-athrú aeráide, ró-choitianta sna tuiscintí a bhí ag múinteoirí ar OSD (25.2%). Cuimsítear i dtuiscint na múinteoirí ar OSD dearcadh láidir ilchultúrtha, domhanda a léiríonn naisc láidre le smaointe faoi phobal domhanda, 'daonnacht chomhroinnte', idirspleáchas agus idirnascacht. Ba dhíol suntais é an easpa tagairtí soiléire do chearta sna tuiscintí a bhí ag múinteoirí ar OSD. Ba é 'cearta' an cód ba lú a ndearnadh tagairt dó as na deich gcód a úsáideadh chun anailís a dhéanamh ar thuiscintí múinteoirí (16.67%). Ar deireadh, bhí Ilchineálacht le sonrú go fairsing i dtuiscintí na múinteoirí ar OSD (35.37%). Bhí raon leathan tagairtí ag na freagróirí agus áiríodh leo, mar shampla, tagairtí do chultúr, teangacha éagsúla, cuimsiú, comhbhá i measc na ndaltaí, agus caoinfhulaingt, cine agus reiligiún.


Is minic a dhéantar naisc idir cearta & freagrachtaí agus gnéithe áitiúla & domhanda i sainmhínithe agus coincheapa a bhaineann le OSD. Lena chinneadh an ndearna múinteoirí na naisc sin freisin, rinneadh dhá thriail neamhspleáchais Chí-Chearnóige lena fháil amach an raibh nasc idir na cóid 'Cearta' agus 'Freagracht' a d'fhorbair na húdair agus an raibh nasc idir na cóid 'Áitiúil' agus 'Domhanda' a d'fhorbair siad. Don chéad tástáil, bhí an staitistic thástála 21.98 níos mó ná an luach chí-chearnóige 3.84. Is féidir linn an tátal a bhaint as sin go bhfuil gaol idir cuimsiú na gcód 'Cearta' agus 'Freagracht'. Léirigh na hiarmharacha caighdeánaithe go raibh níos mó cásanna ann inar luaigh daoine cearta agus freagracht araon sa chur síos a rinne siad ar OSD ná a mbeifí ag súil leis dá mbeadh na hathróga neamhspleách (<1.96). Ar an gcaoi chéanna, ba lú an líon daoine a luaigh cearta ach nár luaigh freagracht freisin ná a mbeifí ag súil leis dá mbeadh na hathróga sin neamhspleách ar a chéile (<-1.96) (fíor 7). Is é sin le rá go raibh claonadh ag na múinteoirí saincheisteanna a bhain le cearta agus saincheisteanna a bhaineann le freagracht a ghrúpáil le chéile sa chur síos a rinne siad.

**Fíor 6: Comparáid idir cuimsiú agus eisiamh na gcód 'Cearta' agus 'Freagracht' i bhfreagraí múinteoirí**




Sa dara tástáil, inar scrúdaíodh an nasc idir a mhinice a cuimsíodh na coincheapa 'Áitiúil' agus 'Domhanda', léiríodh go bhfuil gaol idir an dá chód sin, le staitistic thástála 13.38. Tar éis scrúdú a dhéanamh ar na hiarmharacha caighdeánaithe, áfach, ní raibh an nasc sin ann (<-1.96) ach idir cuimsiú 'Áitiúil' agus eisiamh 'Domhanda'. Ciallaíonn sé sin gur lú an líon daoine a luaigh saincheisteanna áitiúla ach nár luaigh saincheisteanna domhanda freisin ná a mbeifí ag súil leis dá mbeadh na hathróga neamhspleách ar a chéile (fíor 8), ach nach bhfuil a mhalairt fíor. Is é sin le rá gur ghnách leo siúd a luaigh saincheisteanna áitiúla sa sainmhíniú a thug siad tagairt a dhéanamh freisin do chúrsaí domhanda, ach, i gcás múinteoirí a luaigh gnéithe domhanda ina sainmhínithe, níor ghá go raibh tagairt déanta acu do chúrsaí áitiúla freisin.

**Fíor 7: Comparáid idir cuimsiú agus eisiamh na gcód 'Áitiúil' agus 'Domhanda' sna freagraí a thug múinteoirí**




Chun tástáil a dhéanamh féachaint an raibh sainmhínithe na múinteoirí ag teacht le gnéithe lárnacha OSD mar a shainmhíníonn UNESCO iad, rinneadh triail Chí-Chearnóige Fheabhas an Oiriúnaithe. Chinnfeadh an triail sin an raibh na trí phríomhghné a luann UNESCO le OSD (an ghné chognaíoch, an ghné shochmhothúchánach agus an ghné iompraíochta) san áireamh i gcomhréir chomhionann i measc shainmhínithe na múinteoirí féin ar OSD. Léiríodh sa triail go raibh dáileadh na ngnéithe a luadh sa chur síos a rinne na múinteoirí ar OSD ar neamhréir leis na gnéithe a shonraigh UNESCO sa sainmhíniú uaidh siúd ar OSD. Is é sin le rá go raibh éagsúlacht le sonrú i ndáil lena mhinice a luadh, sa chur síos a rinne múinteoirí ar OSD, na dtrí ghné a shonraíonn UNESCO ina thaobh agus, mar sin, níl tuiscint na múinteoirí ar OSD ag teacht le sainmhíniú UNESCO ar OSD (fíor 8).

**Fíor 8: Comparáid idir cuimsiú na trí ghné a shonraíonn UNESCO i dtaobh OSD (minicíocht)**




# 5 Cad iad na tosca a théann i bhfeidhm ar mhúineadh OSD sa seomra ranga?

**Luaigh múinteoirí raon níos leithne tosca a thacaíonn le teagasc OSD i scoileanna agus a chuireann bac air (Fíor 9).**


Ba é an toisc thacaíochta is forleithne a luadh ná acmhainní (34%), agus ina dhiaidh sin luadh múinteoirí [e.g. a ndíograis, a n-eolas agus a spéis] (31%), rannpháirtíocht na bpáistí (13%), éiteas na scoile (12%) agus an curaclam, FGL, agus cláir OSD (ar fad ag 8%). Ba iad na téamaí coiteanna a fuarthas maidir le hacmhainní ná eolas ar acmhainní, cáilíocht agus oiriúnacht acmhainní agus rochtain thráthúil ar acmhainní.

**Fíor 9: Cuimsiú tosca éagsúla a shainaithin múinteoirí (minicíocht)**



Ba é am an chonstaic ba mhó a shainaithin múinteoirí (52%), agus ina dhiaidh sin luadh tosca a bhain leis an gcuraclam lena n-áirítear tagairtí do ró-ualach curaclaim, nach raibh a áit féin ag OSD sa churaclam, agus an bhraistint go raibh srianta ar an gcuraclam (23%) (Fíor 10). Is minic a luadh 'am' mar thoisc aonair ach luadh freisin gur fadhbanna iad easpa ama le haghaidh pleanála agus ullmhachta, gan aon am ar leith a bheith leagtha amach sa churaclam do OSD, agus easpa pleanála agus comhoibrithe sa scoil uile. Mar a dúirt múinteoir amháin, "Time constraints and demands of school life – busy curriculum, challenging behaviours in classes, teacher energy levels dealing with challenges leading to focus on 'basics'/priorities of the curriculum".


**Fíor 10: Cuimsiú tosca éagsúla a shainaithin múinteoirí mar chinn a chuireann bac ar chuimsiú OSD sa seomra ranga (minicíocht)**




Is annamh a rinne múinteoirí tagairt do FGL mar thacaíocht (7.75%) nó mar bhac (6.33%). Bhí claonadh i measc na bpríomhoidí tagairt a dhéanamh dó níos minice (17.39% maidir le tacaíocht, 19.15% maidir le bac). Nuair a cuireadh ceist dhíreach ar na múinteoirí faoi riachtanais FGL, tugadh raon leathan freagraí – ón ngá na bunghnéithe a chlúdach agus treoracha tosaithe a sholáthar, go FGL maidir le hoideolaíocht chriticiúil agus litearthacht.

Shainaithin príomhoidí gurb iad na múinteoirí [e.g., a ndíograis agus a spéis] (46%) an toisc is suntasaí a chuireann le cuimsiú OSD i scoileanna, agus shainaithin siad gurb é am an srian is suntasaí (57%) (Fíor 11).

**Fíor 11: Cuimsiú tosca éagsúla a shainaithin príomhoidí mar chinn a thacaíonn le cuimsiú OSD i scoileanna (minicíocht)**



# 6 Conclúidí agus Moltaí

Is é an staidéar seo an chéad suirbhé náisiúnta ar mhúinteoirí bunscoile agus OSD in Éirinn. De réir mar a leanann OSD agus cineálacha bainteacha oideachais ag dul chun cinn ar leibhéal beartais, tá sé tábhachtach go mbeadh tuiscintí agus eispéiris múinteoirí ina mbonn eolais nuair a bheidh cláir agus tionscnaimh á bhforbairt. Ba cheart go ndéanfadh clár Bhaile na Comhchruinne torthaí an staidéir seo a bhreithniú agus leas a bhaint astu ar bhonn leanúnach agus cur chuige níos straitéisí á fhorbairt i leith OSD sna bunscoileanna sna blianta atá romhainn. Anseo thíos sainaithnímid roinnt príomhthorthaí agus príomhimpleachtaí a dhéanfaidh Baile na Comhchruinne a bhreithniú sa mheántéarma.

- Léiríonn príomhthorthaí an staidéir seo go measann múinteoirí go bhfuil OSD thar a bheith tábhachtach don fhoghlaim a dhéanann páistí ach go bhfuil a leibhéil mhuiníne, eolais agus scileanna teagaisc cuid mhaith níos ísle ná sin (cé go bhfuil siad ard go fóill). Tá scóip ann do Bhaile na Comhchruinne tacú le foghlaim OSD i measc páistí, ar bhonn bhraistint na múinteoirí gur ábhar tábhacht é, trí fhoghlaim ghairmiúil ardchaighdeáin a sholáthar lena gcuirtear leis an eolas atá ag múinteoirí, lena bhforbraítear a scileanna teagaisc agus lena bhfeabhsaítear an mhuinín atá acu astu féin agus iad á mhúineadh.

- Léiríonn tuiscint na múinteoirí ar OSD gaol aontreo atá suntasach ó thaobh staitistice de idir gnéithe áitiúla agus gnéithe domhanda. Is é sin le rá gur mheas go leor freagróirí gur saincheist dhomhanda é OSD agus nár luaigh siad aon ghnéithe áitiúla de. Agus tagairt ar leith á dhéanamh do churaclaim na naíonán agus na ranganna sóisearacha sna bunscoileanna, tá an deis ag Baile na Comhchruinne naisc a dhéanamh idir an ghné áitiúil agus an ghné domhanda agus tacú le múinteoirí deiseanna OSD a aithint i gceantar na scoile.

- Díol suntais is ea é nach bhfuil an inbhuanaitheacht agus réimsí gaolmhara amhail an t-athrú aeráide san áireamh sa tuiscint atá ag na múinteoirí ar OSD. Ba cheart do Bhaile na Comhchruinne na nithe tábhachtacha atá i gcoiteann ag ESD agus OSD a chur in iúl go soiléir, mar aon leis na pointí ag a dtrasnaíonn an dá ábhar sin a chéile. Ar leibhéal beartais, d'fhéadfadh naisc leis an Straitéis Náisiúnta um Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe a bheith san áireamh leis sin. Ar leibhéal an chleachtais, d'fhéadfaí a áireamh leis fócas ar shaincheisteanna amhail an t-athrú aeráide, mar shampla, chun gnéithe de OSD (e.g. creat ceartais aeráide ar domhan) agus gnéithe de ESD (e.g. creat ceartais idirghlúine) a chuimsiú ann.

- Is díol suntais é 'cearta' a bheidh san easnamh ón tuiscint atá ag múinteoirí ar OSD. Léiríonn staidéir roimhe seo gur fadhb é nach ann do chreat coincheapúil ná creat eagraithe i leith OSD agus go bhféadfadh OSD níos ad hoc, ar lú a stuaim, a bheith ina thoradh air sin. Ba chóir do Bhaile na Comhchruinne deis a chur ar fáil do mhúinteoirí a dtuiscint féin ar OSD a fhiosrú, a phlé, a cheistiú agus a fhorbairt, trí fhoghlaim ghairmiúil atá bunaithe ar idirphlé. Tá an deis ann féachaint conas a d'fhéadfadh cur chuige bunaithe ar chearta i leith OSD, agus, seans, oideachas níos follasaí maidir le cearta an duine / cearta páistí, cur le heolas, muinín agus saineolas teagaisc na múinteoirí.

- Ba i leith scileanna teagaisc chun tacú le daltaí dul i mbun gnímh a thug múinteoirí ceann de na leibhéil rátála is ísle. Ina theannta sin, ba é an colún iompraíochta as measc thrí chroíghné OSD mar a shonraíonn UNESCO iad an ceann ba mhó a bhí in easnamh sa tuiscint a bhí ag na múinteoirí féin ar OSD. Léiríonn na torthaí sin, in éineacht le sainaithint 'a bheith i do shaoránach gníomhach' (CNCM, 2023, lch. 8) i measc seacht gcinn d'inniúlachtaí lárnacha i gcreat nua curaclaim bunscoile na hÉireann, go bhfuil easnamh mór ann agus deis mhór le tapú i dtaobh béim a leagan ar an ról tábhachtach a d'fhéadfadh a bheith ag OSD maidir le tacú le scoileanna agus iad ag dul i mbun gníomhaíochtaí a bhaineann le bheith i do shaoránach. Ba cheart go bhféachfadh Baile na Comhchruinne le 'gníomh' a leabú i ndeiseanna foghlama gairmiúla, chun deiseanna a thabhairt do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile cineálacha éagsúla gnímh a fhiosrú, a phlé agus a phleanáil chun dul i ngleic le dúshláin áitiúla agus dúshláin dhomhanda. D'fhéadfadh foghlaim atá bunaithe ar fhadhbanna, foghlaim atá bunaithe ar dhúshláin agus foghlaim atá bunaithe ar fhiosrúchán a bheith ina gcineálacha cur chuige féideartha maidir le 'gníomh' a leabú sa chleachtas.

- Léiríonn leitheadúlacht an ama mar bhacainn go bhfuil gá le tacaíocht a thabhairt do scoileanna maidir le tuilleadh cineálacha cur chuige scoile uile i leith OSD a phleanáil agus a fhorbairt, ó ranganna na naíonán go rang a sé. Ba chóir do Baile na Comhchruinne deiseanna a chur ar fáil do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile OSD a phleanáil ar leibhéal an tseomra ranga agus ar leibhéal na scoile uile. Tá deis ann do Bhaile na Comhchruinne breathnú ar eispéiris múinteoirí ar éirigh leo OSD a chomhtháthú ar fud churaclam na bunscoile, chun cleachtais nuálacha a roinnt ar fud an phobail teagaisc.

- Tháinig léirmhínithe teoranta ar an gcuraclam chun solais mar bhac freisin i roinnt de na freagraí a thug múinteoirí.  Ní mór do Bhaile na Comhchruinne na naisc le OSD a dhéanamh follasach i ndoiciméid curaclaim atá ann cheana féin agus dearcadh níos comhtháite ar OSD a chur chun cinn. Sna blianta amach romhainn, ba cheart do Bhaile na Comhchruinne féachaint le monatóireacht a dhéanamh ar chomhairliúcháin maidir le forbairt sonraíochtaí agus uirlisí sna cúig réimse curaclaim nua agus i gcláir phátrúin nua, tionchar a imirt ar na comhairliúcháin sin agus freagra a thabhairt orthu, agus a áitiú go sannfar tréimhse ama dá chuid féin do OSD mar shnáithe comhtháite thar réimsí curaclaim. Ag tarraingt ar fhianaise agus ar thorthaí an staidéir seo, is féidir le Baile na Comhchruinne a léiriú an tábhacht atá le OSD d'fhoghlaim páistí agus an acmhainn atá aige i dtaobh tacú le cur i bhfeidhm an chreata nua curaclaim bunscoile, go háirithe i réimsí an chomhtháthaithe agus na saoránachta gníomhaí.

- Ní mór forbairt a dhéanamh ar an bhfeasacht ar OSD agus ar acmhainní gaolmhara i measc múinteoirí agus príomhoidí.  Ba cheart do Bhaile na Comhchruinne féachaint conas a d'fheadfaí OSD a chur ar a súile do mhúinteoirí, ceannairí scoile, páistí agus pobail scoile níos leithne. Mar chuid den obair sin, ba cheart do Bhaile na Comhchruinne sainmhíniú cuí a thabhairt ar OSD agus é a úsáid ar bhealach comhsheasmhach, agus ba cheart dó a bhreithniú conas is féidir OSD a neadú i gcomhthéacsanna éagsúla scoile.

- Agus srianta ama á gcur san áireamh, tá gá le hacmhainní áisiúla atá ar ardchaighdeán agus a oireann don aoisghrúpa, ar cinn iad a thacaíonn le múinteoirí freisin i ndáil le pleanáil agus comhtháthú. Ba chóir do Bhaile na Comhchruinne féachaint conas is féidir acmhainní agus ábhair atá ann cheana féin a roinnt le múinteoirí rannpháirteacha, agus féachaint an féidir smaoineamh ar shamplaí nuálacha de mhúinteoirí a úsáideann agus a neadaíonn acmhainní sa phleanáil agus sa chomhtháthú agus na samplaí sin a scaipeadh go forleathan. Ina theannta sin, chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt curaclaim agus dul i bhfeidhm air sna blianta atá romhainn, ba cheart do Bhaile na Comhchruinne smaoineamh ar shraith treoirdhoiciméad a ullmhú faoi chomhtháthú OSD ar fud na gcúig réimse curaclaim nua agus na gclár pátrúin agus trí inniúlacht an tsaoránaigh ghníomhaigh.

- Tráth nach bhfuil ach líon réasúnta beag múinteoirí ann a aithníonn an acmhainneacht a bhaineann le forbairt ghairmiúil leanúnach chun tacú leis an gcleachtas sa seomra ranga, tá deis ann do Bhaile na Comhchruinne chun aird a dhíriú ar an tionchar a bhíonn ag foghlaim ghairmiúil ardcháilíochta, fhadtéarmach ar chleachtas múinteoirí agus ar an bhfoghlaim a dhéanann páistí, sa réimse OSD agus i réimsí eile, mar aon leis an bhfianaise i dtaobh an tionchair sin. Ina theannta sin, ba chóir do Bhaile na Comhchruinne iarracht a dhéanamh a aithint cén fáth nár luadh FGL níos minice i bhfreagraí na múinteoirí agus a chinntiú go bhfreastalaíonn an fhorbairt ghairmiúil a chuirtear ar fáil faoin gclár ar riachtanais na múinteoirí.

- Ar deireadh, léiríonn torthaí ón anailís seo ar riachtanais go dtiocfaidh scoileanna agus múinteoirí go Baile na Comhchruinne ó roinnt pointí iontrála éagsúla. Caithfidh Bhaile na Comhchruinne aitheantas a thabhairt don éagsúlacht sin ar fud a chláir agus an tacaíocht a shaincheapadh ar bhealach a oireann do chásanna éagsúla. Mar shampla, d’fhéadfaí a áireamh leis sin seimineáir ghréasáin chun buneolas a chur ar fáil do cheannairí scoile, pobail chleachtais éagsúla agus clár soiléir forbartha gairmiúla lena bhfreastalaítear go cuí ar mhúinteoirí agus ar scoileanna.

# Tagairtí


Bourn, D. (Ed.). (2020). *The Bloomsbury Handbook of Global Education and Learning. The Bloomsbury Handbook of Global Education and Learning.* Londain: Bloomsbury Academic. https://doi.org/10.5040/9781350108769

Bourn, D. (2015). *The Theory and Practice of Development Education: A Pedagogy for Global Social Justice.* Nua-Eabhrac: Routledge.

Bryan, A., & Bracken, M. (2011). *Learning to Read the World? Teaching and learning about global citizenship and international development in post-primary schools.* Baile Átha Cliath: Cúnamh Éireann.

Dillon, S., & O'Shea, M. (2009). *From the college to the classroom: the impact of DICE courses on the inclusion of Development Education and Intercultural Education in the primary classroom.* Baile Átha Cliath: DICE.

Dillon, S., Ruane, B., & Kavanagh, A. M. (2010). Young children as global citizens. *Policy & Practice: A Development Education Review,* (11), 84-91.

Fiedler, M. (2008). Teaching and learning about the world in the classroom: Development education in culturally diverse settings. *Policy & Practice: A Development Education Review,* 7, 15-17.

GENE (2015). *Global Education in Ireland.* Faighte ó http://gene.eu/wp-content/uploads/Gene_NationalReport-Ireland.pdf

Cúnamh Éireann (2021). *Irish Aid Global Citizenship Education Strategy 2021-2025,* Cúnamh Éireann, Baile Átha Cliath.

Mallon, B. (2019). *The Impact and Evaluation of Development Education in Irish Primary Schools.* DICE: Baile Átha Cliath.

McBreen, O. (2020). Brollach: The Policy Environment for Development Education, *Policy and Practice: A Development Education Review,* Vol. 31, Autumn, pp. v-ix.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (1999). *Curaclam na Bunscoile.* Baile Átha Cliath: CNCM.

CNCM (2018). Sustainable Development: A study of opportunities and linkages in the primary and post-primary curriculum. Baile Átha Cliath.

CNCM (2023). Primary Curriculum Framework, Baile Átha Cliath: CNCM.

Ruane, B., Horgan, K., & Cremin, P. (1999). *The world in the classroom: development education in the primary curriculum.* Primary School Development Education Project.

Tarozzi, M., & Inguaggiato, C. (2018). *Teachers' education in GCE: emerging issues in a comparative perspective.* Bologna: Università di Bologna.

Tarozzi, M., & Mallon, B. (2019). Educating teachers towards global citizenship: A comparative study in four European countries. *London Review of Education,* 17(2), 112-125.

UNESCO (2015). *Global citizenship education: Preparing learners for the challenges of the twenty-first century.* Páras: UNESCO.

Na Náisiúin Aontaithe (2015). *Transforming our world: the 2030 Agenda for Sustainable Development.* Faighte ó https://sdgs.un.org/2030agenda

Waldron, F. (2004). Making the Irish: Identity and citizenship in the primary curriculum. In: C. Sugrue (Eagarthóir) *Ideology and curriculum: Irish experiences, international perspectives.* Baile Átha Cliath: The Liffey Press.

Waldron, F., Ruane, B., & Oberman, R. (2014). Practice as Prize: Citizenship Education in two Primary Classrooms in Ireland. *Journal of Social Science Education,* 13(1).


Waldron, F., Mallon, B., Barry, M., & Sainz, G. M. (2020). Climate Change Education in Ireland: Emerging Practice in a Context of Resistance. *In Ireland and the Climate Crisis* (Torney, Robbins & Brereton, eds.) (pp. 231-248). Palgrave Macmillan, Cham.

Willemse, T. M., Ten Dam, G., Geijsel, F., Van Wessum, L., & Volman, M. (2015). Fostering teachers' professional development for citizenship education. *Teaching and teacher education,* 49, 118-127.


# Aguisín A


## Táblaí breise


Eolas – meán agus diall caighdeánach






Tábhacht Bhraite – meán agus diall caighdeánach





Muinín an Mhúinteora – meán agus diall caighdeánach
Cion
5.5
5.0
4.5
4.0
3.5
3.0
2.5
2.0
1.5
1.0
0.5
0.0
Múineadh OSD
Tacú le daltaí
Tacú le gníomh
Smaoin-teoireacht chriticiúil
Scileanna fiosrúcháin
Freagra comhbhách
Freagra mothú-chánach
Breithnithe I&D
Muinín an Mhúinteora


Scileanna Teagaisc – meán agus diall caighdeánach
Cion
5.5
5.0
4.5
4.0
3.5
3.0
2.5
2.0
1.5
1.0
0.5
0.0
Múineadh OSD
Tacú le daltaí
Tacú le gníomh
Smaoin-teoireacht chriticiúil
Scileanna fiosrúcháin
Freagra comhbhách
Freagra mothú-chánach
Breithnithe I&D
Scileanna Teagaisc


Comparáid idir minicíocht cuimsithe chóid UNESCO
Líon
200
150
100
50
0
Tá
Níl
Gné Chognaíoch
Gné Shochmhothúchánach
Gné Iompraíochta


Comparáid idir minicíocht cuimsithe na gcód a forbraíodh
Múinteoir mar Éascaitheoir
Ilchineálacht
Claochlaitheach
Freagracht
Cearta
Inbhuanaitheacht
Áitiúil
Domhanda
Ilchultúrtha
Saincheisteanna Bunaithe ar Fhadhbanna
Tá
Níl
0
50
100
150
200
250
Cóid


Minicíocht cuimsithe na gcód maidir le bac ar an scoil
Ceannaireacht
Am
Múinteoirí
Foghlaim Ghairmiúil
Acmhainní
Rannpháirtíocht na bPáistí
Creat na Scoile Uile
Cláir Sheachtracha
Curaclam
Gnéithe Lasmuigh den Scoil
Éiteas Seomra Ranga
Pleanáil & Ullmhúchán
Tá
Níl
0
10
20
30
40
50
Minicíocht

**Séanadh**

Tá an clár 'Baile na Comhchruinne' á chistiú ag Cúnamh Éireann ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha. Is é Cúnamh Éireann clár forbartha thar lear an Rialtais, faoina dtacaítear le comhpháirtithe atá ag obair i roinnt de na tíortha is boichte ar domhan. Ina theannta sin, tacaíonn Cúnamh Éireann freisin leis an oideachas saoránachta domhanda in Éirinn chun foghlaim faoi shaincheisteanna domhanda a spreagadh, mar aon le rannpháirtíocht an phobail leo. Is ar an údar nó na húdair atá an fhreagracht iomlán as an ábhar, na cineálacha cur chuige agus na gníomhaíochtaí atá leagtha amach san acmhainn seo agus ní gá go léiríonn siad beartas Chúnamh Éireann ná go bhfuil siad ag teacht leis an mbeartas sin.

Global Village

Global Citizenship
in Primary Schools

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha
Department of Foreign Affairs